## Ráiteas ar thráchtaí maidir le hachomhairc phleanála a rinneadh le deireanas sna meáin

Príomhluachanna atá mar bhonn le hobair an Bhoird Phleanála (an Bhoird) is ea muinín an phobail a chothú agus sláine an phróisis phleanála a chaomhnú.

Tá an Bord ar an eolas faoi na líomhaintí tromchúiseacha a tarraingíodh sna meáin le déanaí. Ní féidir leis trácht a dhéanamh ar na líomhaintí sonracha a tarraingíodh mar go mbaineann siad le hábhair ar leith atá faoi bhráid an Bhoird.

Tá dualgas ar an mBord glacadh le hachomhairc a dhéantar go bailí de réir Alt 127 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú. Ina theannta sin, ceanglaíonn reachtaíocht ar an mBord gach achomharc a phróiseáil agus measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna pleanála a tharraingítear ann.  Sa chás áfach go bhfaigheann an Bord faisnéis ina gceistítear bona fides achomhairc i gcomhthéacs fhorálacha reachtúla Acht 2000, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh cumhachtaí eile atá ar fáil dó faoin Acht um Pleanáil a ghníomhachtú chun an cheist a iniúchadh, agus/nó b'fhéidir an t-ábhar a tharchur chuig údaráis chuí eile. Níl aon chumhachtaí imscrúdaithe ag an mBord.

Le cúig bliana anuas díbheadh 38 cás san iomlán faoi fhorálacha éagsúla den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú lena n-áirítear achomhairc a díbheadh mar achomhairc a bhí cráiteach, fánach nó gan bhunús nó ag féachaint do nádúr an achomhairc. Níor díbheadh aon chásanna faoi fho-alt 1(a)(ii) d’alt 138 (an t-aon rún atá aige moill a chur ar an bhforbairt d’fhonn íocaíocht airgid, bronntanas, comaoin nó dreasacht eile a fháil).

Má chreideann duine ar bith go bhfuil próiseas achomhairc nó iarratais á úsáid chun moill a chur ar fhorbairt bheartaithe agus chuige sin amháin ar mhaithe le híocaiocht airgid, bronntanais, comaoin nó dreasacht eile a fháil, is féidir é sin a chur in iúl don Bhord laistigh den phróiseas achomhairc reachtúil. Mar sin féin, i gcás ina gcreideann duine go bhféadfadh coiriúlacht a bheith i gceist freisin, ba cheart don duine sin an cheist a chur ar aghaidh chuig an nGarda Síochána arb é an t-údarás cuí chun déileáil le haon líomhaintí dá leithéid. Comhoibreoidh an Bord Pleanála leis an nGarda Síochána nó le húdaráis stáit eile in aon imscrúdú a dhéanfadh comhlachtaí dá leithéid ar líomhaintí coiriúlachta.

08/12/2023.